C/2025/5752

24.10.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12152 — SPAR / VGS / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/5752)

1. An 16 Deireadh Fómhair 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— SES Spar European Shopping Centers GmbH ('SES', an Ostair), faoi rialú HOLDAG Beiteiligungsgesellschaft mbH (an Ostair),

— Vinzenz Gruppe Service GmbH ('VGS', an Ostair), faoi rialú St. Vinzenz gemeinnützige Privatstiftung der Barmherzigen Schwestern (an Ostair).

Gheobhaidh SES agus VGS rialú comhpháirteach ar chomhfhiontar nuachruthaithe de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Déanann SES réadmhaoin ilfheidhmeach ar mhórscála a fhorbairt, a thógáil agus a oibriú agus díríonn sé ar mhiondíol agus ar sheirbhísí san Ostair agus i dtíortha eile i lár agus i ndeisceart na hEorpa. Tá SES mar chuid de SPAR Group atá gníomhach i dtrádáil mhórdhíola agus mhiondíola bia agus earraí laethúla, agus i dtrádáil mhiondíola earraí spóirt agus faisin san Ostair agus i dtíortha comharsanachta,

— Tá VGS gníomhach in earnáil an chúraim sláinte agus an chúraim, agus soláthraíonn sé go háirithe seirbhísí cúraim sláinte don mhargadh ginearálta amhail páirceanna sláinte, saoráidí athshlánaithe agus seirbhísí eile.

3. Is iad na gníomhaíochtaí seo a leanas a bheidh i ngníomhaíochtaí gnó an JV nuachruthaithe:

— Oibreoidh an comhfhiontar páirceanna sláinte in ionaid siopadóireachta san Ostair agus díreoidh sé ar áitreabh a fháil ar cíos do ghairmithe cúraim sláinte agus do sheirbhísí bainistithe suíomhanna.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12152 — SPAR / VGS / JV

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË